



## Ag Oscailt Cuntais Ceisteanna Coitianta



Léigh trí na ceisteanna coitianta thíos.

Bain leas as an spás ag an deireadh má tá aon cheist bhreise le cur.

Roinn na ceisteanna eadraibh le cinntiú go mbíonn an méid céanna ceisteanna ag gach duine sa ghrúpa.

Déan taighde ar na ceisteanna – ar an idirlíon, ar an bhfón, nó go pearsanta. Líon isteach an t-eolas a aimsíonn tú sna spásanna cúí.

### Iarratas ar Chuntas Banc – Na Riachtanais

1.	Cén t-eolas is gá a thabhairt don bhanc roimh chuntas a oscailt? <ul style="list-style-type: none"><li>An bhfuil cruthúnas ar sheoladh baile de dhíth? An bhfuil bille leictreachais nó fóin ag teastáil?</li><li>An bhfuil cruthúnas aitheantais cosúil le pas le grianghraf de dhíth?</li></ul>	
2.	An bhfuil doiciméid éagsúla ag teastáil ó dhaoine óga chun cuntas a oscailt? Cad iad, más ea?	
3.	An bhfuil aon rialacha nó coinníollacha speisialta chun cuntas a oscailt?	
4.	An gá cónaí in aice leis an mbanc?	
5.	An gá dom a bheith thar aois áirithe?	
6.	An gá do mo thuismitheoirí an t-iarratas a shíniú?	
7.	An gá dom tuismitheoir a thabhairt liom chun cuntas a oscailt?	
8.	Cé mhéad airgead atá ag teastáil uaim chun cuntas a oscailt?	
9.	Céard a fhaighim nuair a osclaím cuntas? <ul style="list-style-type: none"><li>Seicleabhar?</li><li>Cárta don ATM?</li><li>Uimhir don ATM?</li></ul>	



## Aonad 6 – Ceacht 2



# Ag Oscailt Cuntais Ceisteanna Coitianta



10.	Conas a chuirim airgead isteach i mo chuntas? An gá dom foirm a líonadh nó an féidir ATM a úsáid?	
11.	Má bhíonn deifir orm, an bhfuil meaisín mearthaisce ag an mbanc? An bhfuil sé éasca é a úsáid?	
12.	Conas a dhéanaim aistarraingt? <ul style="list-style-type: none"><li>• An mbeidh cruthúnas aitheantais uaim?</li><li>• An bhfuil ATM ag an mbanc?</li></ul>	
13.	<ul style="list-style-type: none"><li>• An bhfuil seirbhís fóin agaibh?</li><li>• An féidir liom iarmhéid a sheiceáil ar an bhfón?</li><li>• An féidir liom dochar díreach a shocrú?</li></ul>	
14.	<ul style="list-style-type: none"><li>• Conas a fhaighim airgead eachtrach do mo laethanta saoire?</li><li>• An bhfuil cruthúnas aitheantais uaim chun é seo a fháil?</li><li>• An bhfuil aon chostas air?</li></ul>	
	<b>Ceisteanna Breise</b>	
15.		
16.		
17.		

